

AN CHÉAD MHEISGE ARIAMH.

Seacht mbliana a chaith Nóá a déanamh na nÁirce bhí sé dá déanamh i dtosach agus gan fios ag duine ar bith air. Tháinig an t-áibheiseoir chuig an mbean. Bhí collach ar an tsráid agus cubhar leis. Dubhairt sé léithe cuid den chubhar a chur ar an ól do Nóá

Chuir sí an cubhar ar an ól agus chuir an t-ól ar meisge é. Nuair bhí sé ar meisge d'innis sé dí go raibh soitheach dá dheanamh aige le haghaidh cúpla do chuile shórt a chuir innte agus nach raibh aon duine le dhul innte ach é féin is a bhean is a gclann. Sin é an chéad mheisge tháinig ar aon fhear . Bhíodh an t-ól ann i gcomhnuidhe ach ní raibh aon dochar ann gur chuir bean Nóá cubhar an chollaigh air. Bhí gabhail a dul ní ba mó air.

Nuair a chuaidh sé amach an lár na bhárach agus gur bhuail sé an chéad bhuille cloiseadh an buille ar fud an domhain agus níl aon bhuille eile dár bhuail sé nár cloiseadh ar fud an domhain go raibh an Áirc críochnuidhe. Séard deireadh an buille a Thighearna, déan trócaire

1/3/1932.